An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

Staidéar Gnó

# Leabhrán Acmhainní Lá FGL 2017 - 2018

www.jct.ie

## Clár


Téarmaíocht na Sraithe Sóisearaí ........ 3

Torthaí Foghlama ........ 5

Machnamh: Cén Chaoi a bhfuil Athrú Tagtha ar an Staidéar Gnó: ........ 8

Ag Tacú le Grúpobair Éifeachtach ........ 8

Prionsabail Den Dea-obair Ghrúpa: Dréimire Rangaithe ........ 11

Ag Tacú le Taighde Rathúil Scoláirí: Teimpléad Powtoon ........ 12

Na Gnéithe Cáilíochta – MRB 1 (Gnó á chur i nGníomh) ........ 13

Na Gnéithe Cáilíochta: MRB 2 (Cur i láthair) ........ 14

Machnamh ar Thaighde: Torthaí agus Dearcthaí a Thabhairt ........ 15

Torthaí agus Dearcthaí a Thabhairt ........ 18

Iniúchadh ar Scileanna Inniúlachta Pearsanta ........ 19

Ról an Éascaitheora i gCruinniú AFMÁ ........ 19

Gnáthchleachtais Reatha i Roinn Ábhair s'Againn ........ 20

Tús a Chur le Cleachtais don Chruinniú AFMÁ ........ 20

Gníomhaíocht AFMÁ faoi Lán Seoil ........ 21

Dátaí Tábhachtacha: MRB 1, MRB 2 & Tasc Measúnaithe 2018 ........ 21

Tuairisc an Éascaitheora ........ 22

An Próiseas AFMÁ: Léargas Ginearálta ........ 23

Ag Plé Obair Scoláire ag Cruinnithe AFMÁ ........ 24

Ag Tacú le Comhghleacaíocht & le Comhoibriú ........ 25

Beartais um Úsáid Inghlactha agus Obair Scoláire a Stóráil ........ 25

Nótaí ........ 27

Nótaí ........ 28

# Téarmaíocht na Sraithe Sóisearaí

**Tasc Measúnaithe (TM)**
Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann scoláirí le linn am ranga, agus nach marcálann an múinteoir ranga, ach a chuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haghaidh a mharcála. Is é an CNCM a shonraíonn ábhar an Taisc Mheasúnaithe agus baineann sé leis na torthaí foghlama ar a mbunaítear an dara Measúnú Rangbhunaithe.

**Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna)**
Is é an cur síos is fearr ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe gur ócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid na saintascanna a leagtar amach i sonraíocht an ábhair. Déantar cur síos soiléir ar na tascanna faoi mar a dhéantar ar na critéir don mheasúnú chun tacú le breithiúnas múinteoirí. Tá na critéir le fáil sna Gnéithe Cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil cosúlacht aige leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga, i gcás an Mheasúnaithe Rangbhunaithe déantar breith an mhúinteora a thaifead le haghaidh an Athbhreithnithe ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus do scoláirí.

**Gnéithe Cáilíochta** (Sonraíocht an Staidéar Gnó lth. 21)
Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas scoláirí agus múinteoirí ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh múinteoirí chun píosaí de shaothar scoláirí a mheas.

**Measúnú Foirmitheach** (Creat lth. 35-36)
De réir mar a thugtar isteach níos mó measúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga beidh sé sin mar bhonn agus mar thaca ag an tSraith Shóisearach. Sa mheasúnú foirmitheach, bíonn múinteoirí agus scoláirí ag machnamh conas atá an fhoghlaim ag dul chun cinn agus ag cinneadh ar na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. Is cuid ríthábhachtach den mheasúnú foirmitheach an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse de ghníomhaíochtaí measúnaithe, cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach aige a aithint agus an áit ar féidir tuilleadh foghlama agus forbartha a dhéanamh. Chun an cineál foghlama a fheictear thuas a éascú, forbróidh ról an mhúinteora agus dinimic na hidirghníomhaíochta idir an múinteoir agus an scoláire. Cuirfidh múinteoirí níos mó béime ar mheasúnú a fhí isteach ina gcuid teagaisc chun gur fearr an mhonatóireacht a dhéanfaidh siad ar dhul chun cinn scoláirí ina gcuid foghlama agus a aithneoidh siad conas is féidir leo cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama agus anailís chriticiúil a dhéanamh uirthi.

**Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí** (Creat lth. 46)
Tabharfaidh an PGSS aitheantas do ghnóthachtáil trasna na réimsí foghlama uile de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochta Foghlama, Réimsí eile foghlama. Beidh an PGSS bainteach le gnóthachtáil sna heilimintí measúnaithe uile agus tuairisceoidh sé orthu, eilimintí lena n-áirítear measúnú leanúnach, foirmitheach; Measúnú Rangbhunaithe; agus gráid an CSS a chuimsíonn torthaí ó scrúduithe stat-teistithe agus Tascanna Measúnaithe.

Socrófar ar bhonn náisiúnta leagan amach an PGSS. Cuirfidh an scoil le chéile é agus gheobhaidh
scoláirí é san fhómhar i ndiaidh an tríú bliain, nuair a bheidh torthaí uile measúnaithe ón CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe.

**Intinní Foghlama agus Torthaí Foghlama** (Gluais Téarmaí CNCM)

**Intinn Foghlama:**
Is ráiteas é an intinn foghlama do cheacht nó do shraith ceachtanna, ráiteas a chruthaíonn an múinteoir, a chuireann síos go soiléir ar an rud is mian leis an múinteoir a bheidh ar eolas ag na scoláirí, a thuigfidh siad agus a bheidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

**Toradh Foghlama:**
Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad na Torthaí Foghlama a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

**Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)** (Creat lth.39-40)
I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, roinnfidh agus pléifidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint ar cháilíocht fhoghlaim scoláirí. Beidh gach cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil don ábhar agus díreoidh sé ar Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanann an bliainghrúpa áirithe.

**Critéir Ratha** (Gluais Téarmaí CNCM)
Tá ceangal idir critéir ratha agus intinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a cheapann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheidh ar obair rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoi cháilíocht fhoghlaim scoláirí.

**Measúnú Suimitheach** (Gluais Téarmaí CNCM)
Is rud suimitheach é an measúnú nuair a úsáidtear é chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim scoláire ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is é is cuspóir dó achoimre a thabhairt ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a shocrú cé acu agus cá mhéad a thaispeáin siad tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir ratha chomhaontaithe nó le gnéithe cáilíochta.

**Aonad Foghlama**
Nascann Aonad Foghlama Torthaí Foghlama a leagann amach go soiléir cad é a ba chóir a bheidh ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad agus a bheidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc laistigh den aonad sin.

# Torthaí Foghlama

## Snáithe 1: Airgeadas pearsanta

Díríonn airgeadas pearsanta ar an scoláire a bheith ag forbairt sraith scileanna, eolais agus luachanna a chuireann ar a chumas cinntí eolasacha a dhéanamh chun a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú go héifeachtach agus go freagrach. Sa snáithe seo foghlaimíonn an scoláire faoina chúrsaí airgeadais a bhainistiú, faoi iompar freagrach tomhaltóra agus faoin luach a bhaineann le hacmhainní a úsáid go heiticiúil agus go héifeachtúil chun tairbhe daoine aonair agus na sochaí.

**GNÉITHE: Mo chuid acmhainní a bhainistiú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní pearsanta atá ar fáil dó chun freastal ar a chuid riachtanas agus mianta, agus anailís a dhéanamh ar an méid a imríonn sásamh na riachtanas agus na n-éileamh sin tionchar ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí

1.2 Foinsí ioncaim agus caiteachais a shainaithint agus a rangú, comparáid a dhéanamh idir na roghanna atá ar fáil chun an bainistiú is fearr a dhéanamh ar acmhainní airgeadais, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le gach rogha acu agus breithiúnais eolasacha agus fhreagracha a dhéanamh

1.3 Saolré airgeadais pearsanta a chur le chéile chun riachtanais airgeadais ag céimeanna difriúla saoil a shainaithint

1.4 Na príomhchánacha agus na príomhtháillí pearsanta a mhíniú agus an tráth agus an chúis a bhféadfaidís a theacht chun cinn a thabhairt le fios

1.5 Cúiseanna a shainaithint chun airgead a choigilt agus a fháil ar iasacht, na cúiseanna sin a cheangal le foinsí cuí airgeadais a aimsiú i ndáil lena gcuspóir, lena gcostais agus lena rioscaí

1.6 Cineálacha cuí árachais a shainaithint le haghaidh riachtanais phearsanta ar leith agus costais, tairbhí agus rioscaí a mheas

**GNÉITHE: Cúrsaí gnó a fhiosrú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.7 Idirdhealú a dhéanamh idir a chearta agus a fhreagrachtaí mar thomhaltóir agus léirthuiscint a bheith aige dóibh

1.8 Comparáid a dhéanamh idir na seirbhísí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí do thomhaltóirí agus institiúidí airgeadais chun cabhrú agus chun tacú le custaiméirí

1.9 Díospóireacht a dhéanamh faoi na saincheisteanna eiticiúla agus inbhuanaitheachta a eascraíonn as an úsáid a bhaineann sé as earraí agus as seirbhísí agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a iompar mar thomhaltóir cur le forbairt inbhuanaithe

1.10 Plé agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-imríonn domhandú agus forbairtí teicneolaíochta tionchar ar rogha agus ar iompar tomhaltóirí

**GNÉITHE: Scileanna a úsáid don ghnó**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.11 Duilleog phá a léirmhíniú agus dliteanas pearsanta cánach de bharr fostaíochta a ríomh

1.12 Buiséad a ullmhú agus anailís a dhéanamh air, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf

1.13 Monatóireacht agus ríomh a dhéanamh ar shonraí ioncaim agus caiteachais, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf

## Snáithe 2: Fiontraíocht

Spreagann an Fhiontraíocht an scoláire chun deiseanna a shainaithint agus iad a thiontú ina ngníomhaíochtaí praiticiúla spriocdhírithe taobh istigh den ghnó agus den tsochaí i gcoitinne trína thuiscint, a scileanna agus a luachanna a fhorbairt agus a

úsáid. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi bheith fiontraíoch, faoi fheidhmeanna eagraíochta agus faoin timpeallacht ghnó.

**GNÉITHE: Mo chuid acmhainní a bhainistiú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.1 Cineálacha difriúla fiontair airgeadais, chultúrtha agus shóisialta a shainaithint agus léirthuiscint a bheith aige don ról atá ag gach ceann acu sa tsochaí

2.2 Cur síos a dhéanamh ar scileanna agus ar shaintréithe an té atá fiontraíoch agus léirthuiscint a bheith aige do ról an fhiontraí in eagraíocht, sa tsochaí agus sa gheilleagar

2.3 Dealú idir fostaíocht, obair agus saorálaíochas, agus gnéithe, tairbhí, luach saothair agus gairmeacha laistigh díobh uile a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu

**GNÉITHE: Cúrsaí gnó a fhiosrú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.4 Idirdhealú a dhéanamh idir cearta agus freagrachtaí an fhostóra agus an fhostaí ó thaobh seasamh dlíthiúil, sóisialta, comhshaoil agus eiticiúil de

2.5 Na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a bhíonn ag eagraíocht ar an bpobal ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil de a iniúchadh

2.6 Tionchar teicneolaíochtaí digiteacha ar eagraíocht a phlé agus díospóireacht a dhéanamh faoin luach saothair agus faoi na costais a bhaineann leo

**GNÉITHE: Scileanna a úsáid don ghnó**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.7 Taighde margaidh a dhéanamh chun deis fiontraíochta a iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar thorthaí an taighde, iad a léirmhíniú agus iad a chur in iúl agus úsáid á baint as téarmaíocht agus as léiriúcháin ábhartha

2.8 Cumasc margaíochta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun táirge nó seirbhís nua nó ceann atá ann cheana a chur chun cinn

2.9 Plean gnó simplí a fhorbairt do tháirge nó do sheirbhís nua nó do cheann atá ann cheana

2.10 Cáipéisí tábhachtacha gnó a úsáideann eagraíocht ar chúinsí cuntasachta chun a cuid idirbheart a bhainistiú, a chur i gcrích agus a léirmhíniú

2.11 Meas a dhéanamh ar a thábhachtaí is atá sreabhadh airgid eagraíochta a phleanáil, foinsí oiriúnacha maoinithe a mholadh chun caiteachas a bhainistiú agus buiséad a ullmhú

2.12 Cuntas airgid a ullmhú chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam a fuair eagraíocht agus ar íocaíochtaí a rinne sí, measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus plean gníomhaíochta a mholadh; figiúir a phostáil sna mórleabhair iomchuí agus comhardú trialach a fháil

2.13 Cuntais deiridh a ullmhú chun feidhmíocht airgeadais eagraíochta ag deireadh tréimhse trádála a mheas, anailís agus measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus plean gníomhaíochta a mholadh

## Snáithe 3: Ár ngeilleagar

Cuireann Ár ngeilleagar ar chumas an scoláire an caidreamh dinimiciúil idir cúrsaí eacnamaíochta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a thuiscint. Forbraíonn sé cumas an scoláire chun bunchoincheapa eacnamaíochta a shainaithint agus a thuiscint faoi mar a bhaineann siad le hairgeadas pearsanta, le fiontraíocht agus le geilleagar na hÉireann. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi éileamh agus soláthar earraí agus seirbhísí, faoi ról an rialtais i mbainistiú an gheilleagair, agus faoi shaincheisteanna eacnamaíochta amhail trádáil, fostaíocht agus ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach.

**GNÉITHE: Mo chuid acmhainní a bhainistiú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.1 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcaithfidh daoine aonair roghanna a dhéanamh mar gheall ar easpa acmhainní eacnamaíocha; torthaí féideartha na roghanna sin a thuar

3.2 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcomhoibríonn daoine aonair, eagraíochtaí (eagraíochtaí brabúis agus eagraíochtaí neamhbhrabúis) agus an rialtas le chéile chun acmhainní eacnamaíocha a dháileadh a úsáidtear chun táirgí agus seirbhísí a tháirgeadh

3.3 Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le hathruithe ar sholáthar agus éileamh earraí agus seirbhísí i margaí difriúla tionchar a imirt ar phraghsanna

3.4 Dealú idir foinsí difriúla ioncam rialtais agus caiteachas rialtais

**GNÉITHE: Cúrsaí gnó a fhiosrú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.5 Feidhm na cánach a scrúdú ó thaobh cúrsaí airgeadais, sóisialta, dlíthiúla agus eiticiúla de

3.6 Míniú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le borradh eacnamaíoch tionchar dearfach agus diúltach a imirt ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol agus cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe a chosaint

3.7 Díospóireacht a dhéanamh ar na himpleachtaí atá le domhandú na trádála, lena n-áirítear na tairbhí agus na dúshláin don trádáil idirnáisiúnta

3.8 Plé a dhéanamh ar na tairbhí agus ar na dúshláin, idir eacnamaíoch agus shóisialta, a bhaineann le ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach

**GNÉITHE: Scileanna a úsáid don ghnó**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.9 Oiriúnacht táscairí eacnamaíocha a mhíniú amhail boilsciú, rátaí fostaíochta, rátaí úis, borradh eacnamaíoch, ioncam náisiúnta agus fiacha náisiúnta do dhaoine aonair agus don gheilleagar

3.10 A chuid eolais, agus faisnéis ó fhoinsí éagsúla meán, a úsáid chun saincheisteanna reatha eacnamaíochta a phlé agus tuairim eolasach a chur i láthair

3.11 Measúnú a dhéanamh ar thairbhí agus ar chostais beartas geilleagrach rialtais, agus iad siúd a bhaineann leas as na tairbhí agus iad siúd a bhíonn thíos leis na costais a mheas

***Déan scanadh ar an gCód QR chun an tSonraíocht don Staidéar Gnó a íoslódáil***

## Machnamh: Cén Chaoi a bhfuil Athrú Tagtha ar an Staidéar Gnó:

| Do Mhúinteoirí? | Do Thuismitheoirí? | Do Scoláirí? |
|---|---|---|
| | | |

## Ag Tacú le Grúpobair Éifeachtach

**Toradh Foghlama 2.5**

**Na tionchair dhearfacha** agus dhiúltacha **a bhíonn ag eagraíocht ar an bpobal ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil de a iniúchadh**

<table>
<tr>
<td>Intinní Foghlama:<br><ul><li>Obair a dhéanamh le chéile chun cinntí eolasacha buiséid a dhéanamh a éiríonn as acmhainní teoranta</li><li>Éirí níos eolaí ar an gcaoi a n-oibrímid le chéile i ngrúpaí</li></ul></td>
<td>Critéir Ratha:<br>Is féidir liom:<br><ul><li>Eolas a úsáid ón gcás-staidéar chun cinneadh eolasach a dhéanamh</li><li>Caiteachas a chur in ord tosaíochta agus i gcatagóirí agus é sin a chosaint</li><li>Idirbheartaíocht a dhéanamh ar phlean grúpa agus cur leis</li><li>Machnamh ar mo ról i dtasc grúpa</li></ul></td>
</tr>
</table>

**Cás-staidéar :**

Oibríonn tú do do chomhairle áitiúil baile agus tá sibh i ndiaidh bhur mbuiséad a fháil don bhliain seo chugainn. Tá €1,000,000 agaibh le caitheamh ar an mbaile agus chun an gceantar máguaird a fheabhsú. Tá daonra de thart ar 8,500 duine sa gceantar.

<table>
<tr><td colspan="2">Próifíl Daonra:</td></tr>
<tr><td>Aois Réamhscoile 0-4 784</td><td>Aois Bunscoile 5-12 847</td></tr>
<tr><td>Aois Iar-bhunscoile 13-18 551</td><td>Daoine idir na haoiseanna 18 – 64 5,380</td></tr>
<tr><td>Aois 65 agus os a chionn 983</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">3013 fostaithe (1577 acu sin ag obair lasmuigh den cheantar)</td></tr>
</table>

| |
|---|
| Úsáidtear carranna le haghaidh 66% de na turais chun oibre (meánam turais 26 nóiméad) |
| 1259 duine a bhfuil míchumas acu |
| 93% de theaghlaigh a chónaíonn i dtithe nó i mbungalónna 7% in árasáin nó i mionárasáin |
| 60% de thithe a gcónaíonn an t-úinéir iontu agus 40% atá amuigh ar cíos |
| 30% de theaghlaigh a bhfuil 2 charr nó níos mó acu |
| 57% a bhfuil rochtain acu ar bhanda leathan faoin meán náisiúnta de 63% |

***Áirítear i measc na bhFóntas áitiúil:***

- Lárionad Spóirt agus Linn Snámha Phoiblí a dteastaíonn athchóiriú uathu
- Níl aon chóras áitiúil iompair ann ach tá seirbhís náisiúnta busbhealaí ag an mbaile mór a úsáideann comhlachtaí príobháideacha agus poiblí araon.
- Tá áiseanna spóirt sa bhaile mór a dhíríonn ar spóirt foirne, sacar, rugbaí agus an CLCG.  Tá galfchúrsa ann freisin.
- Leabharlann Phoiblí.

Tharla níos mó teagmhais iompar frithshóisialta le tamall agus tá imní ar mhuintir na háite.  Tá feachtas ar siúl le blianta fada ag daoine a chónaíonn sa cheantar le haghaidh páirc imeartha uile-aimsire chomh maith le conair siúil / rothaíochta. Le blianta beaga anuas tá dumpáil mhídhleathach éirithe coitianta agus thug na háitritheoirí faoi deara go bhfuil níos mó dumpail mhídhleathach bruscair ag tarlú.

Caithfidh sibh cinneadh cén chaoi is fearr leis an airgead a chaitheamh chun an tairbhe is mó a thabhairt do na daoine a chónaíonn sa cheantar.

| | |
|---|---|
| An pháirc áitiúil a thírdhreachú agus a ghlanadh suas | €90,000 |
| Conair siúil / rothaíochta a fhorbairt ag an seanbhóthar iarainn | €450,000 |
| Leabharlann áitiúil a athdhearadh agus a shíneadh | €250,000 |
| An tIonad Caitheamh Aimsire agus Spóirt a athchóiriú | €250,000 |
| Tacú le seirbhísí lae seandaoine | €185,000 |
| Seirbhís iompar pobail a mhaoiniú | €175,000 |
| Clós súgartha uile-aimsire a thógáil | €180,000 |
| Feachtas a reáchtáil (fógraí ar chláir, meáin shóisialta srl.) chun truailliú a laghdú | €70,000 |
| Lánaí rothaíochta a mharcáil | €75,000 |
| Ceamaraí slándála ‘TCI’ (teilifís chiorcaid iata) ar gach coirnéal | €150,000 |
| Caifé Idirlín a oscailt | €80,000 |
| Tithe a aimsiú dóibh siúd atá ag fanacht le tithe sóisialta | €550,000 |
| Ionad Athchúrsála a thógáil | €350,000 |
| Crios comhroinnt carranna a chruthú chun an líon carranna ar na bóithre a laghdú | €120,000 |
| Páirceáil do dhaoine le míchumas agus rampaí a sholáthar i lár an bhaile mhóir | €200,000 |
| Maoiniú chun meitheal oibre na mbailte slachtmhara a bhunú | €20,000 |
| Raca do rothair ar cíos i lár an bhaile mhóir | €90,000 |
| ***Tionscnaimh eile: Déan cur síos agus costáil orthu*** | |
| | |
| | |
| | |

**Tasc Aonair:**

Caithfidh tusa cinneadh cad é air a gcaithfeá thusa an t-airgead in ord tosaíochtaí agus a rá cé acu gur tosaíocht shóisialta, eacnamaíoch nó chomhshaoil gach ceann acu sin agus do rogha a mhíniú.

**Leathanach Tosaíochtaí Aonair**

| ***Tosaíocht*** | ***Costas*** | ***Comh.*** | ***Sóis.*** | ***Eac.*** | ***Cúiseanna*** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Tasc Grúpa:**

Caithfidh do ghrúpa teacht le chéile ansin agus a aontú cén chaoi a gcaithfear an buiséad bunaithe ar ionchuir agus ar mholtaí gach duine.

**Leathanach Tosaíochtaí Grúpa**

| ***Tosaíocht*** | ***Costas*** | ***Comh.*** | ***Sóis.*** | ***Eac.*** | ***Cúiseanna*** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Gníomhaíocht le cois:** Ba chóir do scoláirí machnamh ar na tionchair dhiúltacha fhéideartha a bhainfeadh le roghanna grúpaí eile

*Déanann rannpháirtithe machnamh anois ar an ghrúpghníomhaíocht agus ar a ról inti ag úsáid na gceisteanna a mholtar thíos*

**Machnamh ar Ghrúpobair: Spreagcheisteanna**

*Conas a ndeachaigh do ghrúpa i gceann an taisc?*

*An raibh láidreachtaí difriúla ag baill an ghrúpa? Ar chuidiú é sin?*

*An raibh tú sásta leis an mbealach a ndearna an grúpa dul chun cinn?*

*Conas a labhair tú féin agus a chuir tú leis an bplé?*

*Ar tháinig aon deacrachtaí aníos agus sibh ag obair mar fhoireann? Má tháinig conas a sháraigh sibh iad?*

*Ó do thaithí anois an bhfuil aon bhuntáistí / dúshláin bainte le bheith ag obair mar ghrúpa?*

| **Mo chuid Machnaimh agus an Chuige a mBím ag Smaoineamh mar sin:** |
|---|
| |

## Prionsabail Den Dea-obair Ghrúpa: Dréimire Rangaithe

| | |
|---|---|
| Conradh Grúpa/Comhaontú Foghlama | |
| Deis do gach duine chun smaointe a roinnt | |
| Róil Idirspleácha | |
| Amlíne aontaithe don ghrúpobair | |
| Meastóireacht ar obair ghrúpa agus aonair araon | |
| Spriocanna comhroinnte | |
| Tasc soiléir | |
| Róil shannta | |
| Am le haghaidh Athbhreithnithe agus Athmhachnaimh | |

# Ag Tacú le Taighde Rathúil Scoláirí: Teimpléad Powtoon

| | |
|---|---|
| **Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go ndéantar réamheolas a sheiceáil agus spriocanna taighde a shocrú?** | **Conas is féidir liom cabhrú le scoláirí dul i gceann taighde?** |
| **Conas is féidir le scoláirí iontaofacht faisnéise a sheiceáil?** | **Conas a d'fhéadfadh scoláirí an t-eolas a aimsítear a roinnt?** |

# Na Gnéithe Cáilíochta – MRB 1 (Gnó á chur i nGníomh)

| |
|---|
| ***Thar barr ar fad*** |
| ✓ Úsáideann an scoláire modh taighde thar a bheith éifeachtach chun sonraí a bhailiú agus léiríonn sé anailís ardleibhéil ar a chuid torthaí.<br>✓ Tá an measúnú ar na comhthorthaí taighde ar chaighdeán den scoth, léirítear gur cuireadh go leor tuairimí difriúla san áireamh chomh maith le creidiúnacht na bhfoinsí faisnéise.<br>✓ Léiríonn an plean gníomhaíochta uaillmhian agus cruthaitheacht agus tá sé bunaithe ar bhreithiúnas fónta, bunaithe ar fhianaise, ar an bhfaisnéis go léir a bhí ar fáil don scoláire. Cuirtear i gcrích é ar chaighdeán an-ard.<br>✓ Cuirtear an tionscadal i gcrích ar chaighdeán an-ard, tá sé an-chuimsitheach agus léirítear faisnéis i bhformáidí difriúla éagsúla, m.sh. amharc, scríofa, agus is beag deis atá ann chun é a fheabhsú.<br>✓ Déantar cur síos i Machnamh an Scoláire aonair go soiléir agus go mion ar an gcaoi ar thug anscoláire faoin obair ag leibhéal eisceachtúil ag gach céim den tionscadal. Cuirtear léiriú bríoch i láthair ar a thaithí ar obair ghrúpa. |
| ***Os cionn na n-ionchas*** |
| ✓ Úsáideann an scoláire modh taighde éifeachtach chun sonraí a bhailiú agus léiríonn sé anailís mhaith ar a chuid torthaí.<br>✓ Tá an measúnú ar na comhthorthaí taighde ar chaighdeán an-mhaith, léirítear gur cuireadh roinnt tuairimí difriúla san áireamh chomh maith le creidiúnacht na bhfoinsí faisnéise.<br>✓ Léiríonn an plean gníomhaíochta breithiúnas bunaithe ar fhianaise ar an bhfaisnéis a bhí ar fail don scoláire. Cuirtear i gcrích é ar chaighdeán ard.<br>✓ Tá an tionscadal iomlán agus cuirtear i láthair é ar bhealach eagraithe soiléir; tá deis bheag ann chun é a fheabhsú.<br>✓ Taispeántar i Machnamh an Scoláire aonair an chaoi ar thug an scoláire faoin obair ag gach céim den tionscadal. Cuirtear léiriú de shaghas éigin i láthair ar a thaithí ar obair ghrúpa |
| ***Ag teacht leis na hionchais*** |
| ✓ Úsáideann an scoláire modh taighde inghlactha chun sonraí a bhailiú ach tá easpa doimhneachta le sonrú san anailís ar a chuid torthaí.<br>✓ Tá an measúnú ar na comhthorthaí taighde dóthanach, ach léirítear gur beag tuairimí difriúla a cuireadh san áireamh chomh maith le creidiúnacht na bhfoinsí faisnéise.<br>✓ Cuireadh an plean gníomhaíochta i gcrích ar chaighdeán maith agus taispeántar breithiúnas sách fónta ar an bhfianaise.<br>✓ Tá roinnt easnamh sa tionscadal ach tríd is tríd tá sé iomlán agus cuirtear i láthair é ar bhealach eagraithe.<br>✓ Taispeántar roinnt fianaise i Machnamh an Scoláire aonair ar an gcaoi ar thug an scoláire faoin obair ag roinnt céimeanna den tionscadal. Is beag léiriú a thugtar ar a thaithí ar obair ghrúpa. |
| ***Níor chomhlíon na hionchais go fóill*** |
| ✓ Úsáideann an scoláire modh taighde neamhéifeachtach chun sonraí a bhailiú agus léiríonn sé anailís mhear ar a chuid torthaí.<br>✓ Tá an measúnú ar na comhthorthaí taighde go holc, léirítear gur fíorbheagán tuairimí difriúla a cuireadh san áireamh chomh maith le creidiúnacht na bhfoinsí faisnéise.<br>✓ Taispeánann an plean gníomhaíochta breithiúnas ar an bhfianaise, ach tá laigí in áiteanna san fhianaise ar a bhfuil sé bunaithe.<br>✓ Tá achoimre faisnéise an-bhunúsach sa tionscadal, fágtar gnéithe tábhachtacha ar lár agus níl aon soiléireacht sa chur i láthair.<br>✓ Taispeántar i Machnamh an Scoláire aonair nár thug an scoláire faoin obair go maith sa tionscadal. Tugtar léiriú an-chaol ar a thaithí ar obair ghrúpa |

**Conas is féidir linn tacú le scoláirí na scileanna riachtanacha don MRB a fhorbairt?**

## Na Gnéithe Cáilíochta: MRB 2 (Cur i láthair)

| ***Thar barr ar fad*** |
|---|
| ✓ Taispeánann an scoláire deisbhéalaí agus muinín ó thaobh na cumarsáide de, léiríonn sé eolas fíorchuimsitheach ar an ábhar, agus tá struchtúr an chuir i láthair an-mhaith.<br>✓ Taispeántar cruthaitheacht san ábhar tacaíochta a roghnaíodh agus baintear leas an-éifeachtach as chun an lucht féachana a mhealladh.<br>✓ Tá machnamh an scoláire ar an ábhar ar chaighdeán den scoth, léirítear go soiléir an chaoi ar fhorbair nó ar athraigh tuairim an scoláire de réir a chéile. |
| ***Os cionn na n-ionchas*** |
| ✓ Déanann an scoláire cumarsáid shoiléir, inniúil agus mhuiníneach, léiríonn sé eolas an-mhaith ar an ábhar, agus tá struchtúr an chuir i láthair go maith.<br>✓ Tá an t-ábhar tacaíochta roghnaithe go maith chun spéis a mhúscailt sa lucht féachana, taispeántar roinnt cruthaitheachta.<br>✓ Tá machnamh an scoláire ar an ábhar ar chaighdeán an-ard. |
| ***Ag teacht leis na hionchais*** |
| ✓ Déanann an scoláire cumarsáid mhaith, léiríonn sé eolas an-mhaith ar an ábhar, ach níl dóthain muiníne aige agus tá an cur i láthair doiléir in áiteanna.<br>✓ Tá an t-ábhar tacaíochta a roghnaíodh oiriúnach ach ní bhaintear leas iomlán as.<br>✓ Taispeánann an scoláire go bhfuil sé in ann machnamh a dhéanamh ar a dhearcadh féin ar an ábhar |
| ***Níor chomhlíon na hionchais go fóill*** |
| ✓ Ní dhéanann an scoláire cumarsáid go soiléir ná go muiníneach, léiríonn sé eolas an-teoranta ar an ábhar, agus níl struchtúr an chuir i láthair go maith.<br>✓ Úsáidtear an t-ábhar tacaíochta a roghnaíodh ar bhealach bunúsach.<br>✓ Tá machnamh an scoláire ar an ábhar caol agus ar dhroch-chaighdeán. |

## Conas is féidir linn na scileanna seo a chothú?

| |
|---|
| |
| |
| |

# Machnamh ar Thaighde: Torthaí agus Dearcthaí a Thabhairt

**Is é Príomhchuspóir an Ghnó Brabús a Dhéanamh: FoodCloud**

*Is tionscnamh sóisialta é FoodCloud a nascann gnólachtaí a mbíonn bia barrachais acu le carthanais. Léiríonn tuairiscí a rinneadh le déanaí go bhfuil duine as gach ochtar beo ón lámh go dtí an béal, ach cuirtear milliún tona de bhia amú gach bliain. Áirítear i measc na n-eagraíochtaí a mbíonn FoodCloud ag obair leo cheana Cumann Naomh Uinseann de Pól agus an Pobal Síomóin. Is iad na fiontraithe sóisialta Iseult Ward agus Aoibheann O' Brien a bhunaigh FoodCloud.*

**Céard é do ghnó?** Is aip é FoodCloud a nascann comhlachtaí a mbíonn an iomarca bia acu le carthanais a bhíonn ag obair le daoine nach mbíonn a ndóthain acu. Is féidir le comhlacht aon bharrachas bia a bhíonn acu a thabhairt do charthanas ar bith. De ghnáth, is táirgí úra amhail torthaí, glasraí agus bia bácáilte a bhíonn i gceist.

**Cén chaoi ar fhás sé?** Glacaimid bia barrachais ó siopaí in 25 contae in Éirinn. Tríd an gcéad chonradh a bhí againn le Tesco bhí muid ábalta seisear a fhostú. Táimid ag obair le dhá chomhlacht eile, agus ag obair le dhá bhácús neamhspleácha i mBaile Átha Cliath. Bhain muid an conradh le Tesco cionn is go raibh muid ábaltacht airgead a shábháil dóibh i dtaca lena mbille, ag laghdú an mhéid bruscair a théann go líonadh talaimh agus ag cabhrú leo freisin cur lena gcomhphobal áitiúil. Ní ghearraimid táille ar ghnólachtaí níos lú. Oibrímid le breis agus 250 carthanas ar fud na tíre.

**Cad é an t-éacht is mó a ndearna do ghnó, dar leat?** Ag tabhairt ar charthanais agus ar ghnólachtaí oibriú le chéile chun fadhb na dramhaíola bia agus na bochtaineachta bia a réiteach. Go dtí seo tá 355 tona de bhia faighte againn, arb ionann é agus corradh le 800,000 béile.

**Cad é an dearcadh atá agat i leith rioscaí?** Níl aon éalú ó rioscaí nuair a thugann tú faoi ghnó nua. Caithfidh tú go díreach iad a laghdú trí iarracht a dhéanamh tú féin a oiliúint faoin earnáil a bhfuil tú ag dul inti.

**Cad iad na ceachtanna a d'fhoghlaim sibh i gcúrsaí gnó a d'fhéadfadh daoine eile a chur i bhfeidhm?** An ceann is mó atá againn is ó bhotún a d'fhoghlaim muid é. I gcúrsaí gnó, caithfidh tú tuiscint iomlán a bheith agat dáiríre ar fhadhb sula dtiocfaidh tú aníos le réiteach. I dtús báire tháinig muid aníos le haip a ligfeadh do roinnt caiféanna a rá cén barrachas bia a bhí acu, ach níor chuir muid san áireamh go beacht cad iad na riachtanais a bhí ag carthanais. Le fadhb a réiteach go hiomlán caithfidh tú sár-thuiscint a bheith agat uirthi.

**Sa deireadh, dá mbeadh píosa amháin comhairle ann a ba mhaith leat a thabhairt d'úinéir gnó eile, cad é a bheadh ann?** Duine ar bith atá ag tosú amach ba chóir dóibh dul agus labhairt lena oiread daoine agus is féidir. Cabhróidh sé sin le do smaoineamh a thabhairt chuig an gcéad chéim eile, gheobhaidh tú aiseolas – idir dhearfach agus dhiúltach.

Foinse: arna oiriúnú ó: [https://www.thinkbusiness.ie/articles/foodcloud-in-ireland-opel/](https://www.thinkbusiness.ie/articles/foodcloud-in-ireland-opel/)

## Na Dúshláin a Bhaineann le Gnó a Thosú

*Tá na deartháireacha Stephen agus David Flynn an-tugtha don bhia úr, orgánach a fhaightear sa cheantar áitiúil. Ón am ar thosaigh siad mar shiopa torthaí agus glasraí sna Clocha Liatha tá siad éirithe ina mbranda náisiúnta ó thaobh bia sláintiúil de – gan trácht ar a gcaife a bheith i gcónaí gnóthach! Bíonn An Happy Pear i gcónaí ag smaoineamh ar bhealaí lena gnó a leathnú amach.*

**Cén fáth a bhunaigh sibh an gnó seo?** Ba mhian linn gnó a thosú ar chreid muid ann dáiríre, ina dtiocfadh linn obair a dhéanamh chun domhan níos fearr a dhéanamh trí áit a bhunú a thugann daoine le chéile chun dea-bhia, sláintiúil, orgánach agus áitiúil a cheiliúradh.

**Conas a bhailigh sibh an t-airgead tionscnaimh a bhí ag teastáil oraibh?** Aingeal infheistíochta a chreid ionainn agus sa rud a ba mhian linn a chruthú.

**Cad é an ceacht is tábhachtaí a d'fhoghlaim sibh?** Tá an bheirt againn an-tobann. Bíonn nós againn léim isteach i ngnóthaí agus déanaimid a lán botún. Coinnímid orainn ag triall rudaí go dtí go n-oibríonn siad sa deireadh. Mar sin de, sílim go cinnte gur ceacht maith é a d'fhoghlaim muid a bheith ag iarraidh pleanáil agus smaoineamh beagán roimh ré sula léimimid isteach!

**Cad é an leabhar is fearr a léigh sibh, bíodh se bainte le gnó nó eile?** *Small is Beautiful*, *Economics As If People Mattered* le E. F Schumacher – a scríobhadh tuairim ar 30 bliain ó shin agus atá fós chomh hábhartha agus chomh críonna sin. Rinne an léargas a thugann leabhar Ricardo Semler, *Maverick*, maitheas mhór dom. Bhí beathaisnéis Steve Jobs an-spéisiúil.

**Cé hé an fiontraí is mó a bhfuil meas agaibh air?** Pat, an Gréasaí Bróg áitiúil! Gearrann sé praghsanna ar nós €2.50 fós chun do bhróga a dheisiú agus nuair a fhiafraíonn tú cén fáth a n-iarrann sé a laghad sin, déarfaidh se rud éigin ar nós, "Tá mo sháith airgid agamsa!" Sílim go bhfuil sé an-neamhghnách bualadh le duine ar bith a bhfuil a sháith aige agus tá sé fíordheas teacht ar dhuine éigin atá chomh sona.

**Cérbh iad na dúshláin a ba mhó in bhur ngnó go dtí seo?** Ag foghlaim conas aghaidh a thabhairt ar an eagla a bhíonn orainn ag déileáil le daoine, ag iarraidh a bheith i gcónaí ionraic agus ag fanacht tuisceanach dúinn féin agus do dhaoine eile. Ag foghlaim conas saol cothrom a chaitheamh idir a lán oibre a dhéanamh agus a bheith ag breathnú inár ndiaidh féin agus ár dteaghlach.

**Cad é an chomhairle ghnó ab fhearr a fuair sibh riamh?** Is breá liom an rud a dúirt Einstein gur saineolaí é an té a dhéanfadh gach botún féideartha i réimse áirithe a fhiosrú. Spreagtar muid nuair a fháiltímid roimh bhotúin agus iad a áireamh mar theagascóirí den scoth seachas mar dhrochrudaí.

**Cad é an chomhairle a thabharfadh sibh d'fhiontraithe a bheadh ag smaoineamh ar ghnó a thosú?** Aimsigh rud éigin a gcreideann tú ann dáiríre agus is breá leat a dhéanamh agus tabhair faoi, tosaigh a dhéanamh botún, foghlaim uathu sin, agus más breá leat é, cloígh leis agus is cinnte go n-éireoidh leat.

**Dá dtiocfadh libh tosú arís as an nua, an ndéanfadh sibh aon rud go difriúil?** Is furasta a fheiceáil conas an áit a bhfuilimid anois a bhaint amach i bhfad níos sciobtha ach creidim dáiríre gur ó na botúin a rinneamar a d'fhoghlaim muid na ceachtanna.

Foinse: Arna oiriúnú ó: https://www.localenterprise.ie/Wicklow/CaseStudies/StephenandDavidFlynnThe-HappyPear/

**An féidir caitheamh aimsire a thiontú ina ghnó rathúil? Christening Generations**

*Bhunaigh an trádálaí aonair agus an gúnadóir den dara glúin, Miriam Lloyd, a fiontar nua 'Christening Generations' in 2016, ina ndéanann sí gúnaí pósta a thiontú ina ngúnaí baiste. Leis an ngnó nua ar líne seo, tá Miriam ag fáil custaiméirí nua ó gach cearn den domhan.*

**Miriam – cá bhfuair tú an smaoineamh don fhiontar nua seo?** Chonaic mé deis chun speisialtóireacht a fhorbairt i réimse ar leith agus bhí mé ag iarraidh dul i gcion ar phobal níos leithne freisin. Bhí mé féin agus m'iníon ag breathnú ar mo ghúna pósta cúpla bliain ó shin agus dúirt sí gur bhreá léi dá ndéanfainn é a athdhearadh ina ghúna baiste nuair a bheadh páistí dá cuid féin aici. Is ansin a thosaigh mé a mheabhrú ar an smaoineamh seo a thiontú ina ghnó.

**Cad é mar a thaitin sé leat fiontar nua gnó a thosú ar líne?** Bhí mé i mbun gnó cosúil leis cheana féin darb ainm *Sewing Concepts*, a raibh láithreacht mhaith ar líne aige. Nuair a bhí an t-ainm agus an bhrandáil in áit agam, bhí orm ansin beagán eile taighde a dhéanamh. Rinne mé suirbhé ar líne, agus chabhraigh sé sin leis an ngnó a bhunú ar dtús.

**Is é '*Christening Generations*' an dara fiontar gnó s'agat, mar sin de inis dúinn faoin gcéad cheann?** Stad mé de mo phost lánaimseartha sa tionscal miondíola in 2010. Bhínn ag déanamh gúnaí ar feadh mo shaoil agus ba mhian liom m'am a thiomnú don fhuáil agus post lánaimseartha a dhéanamh dom féin aisti. Ní raibh barúil agam faoi ghnó a bhunú mar sin de ghlac mé páirt i gcúrsa 'Tosaigh Do Ghnó Féin' le m'Oifig Fiontair Áitiúil i gCeatharlach. In 2011, cheannaigh mé bothán agus chuir tús le '*Sewing Concepts*' chun seirbhís ghúnadóireachta agus athraithe a chur ar fáil i mBalana.

**Cén fáth ar chinn tú ar dhul i dtreo eile agus fiontar nua ar líne a thosú?** Ba é an fáth is mó a ndeachaigh mé an treo sin go raibh mé ag tabhairt seirbhís do phobal faoin tuath. Ní thiocfadh liom seirbhís ghúnadóireachta agus athraithe a sholáthar ar an idirlíon de bhrí go gcaithfidh mé custaiméir a fheiceáil go pearsanta. Trí *Christening Generations*, is féidir liom gúna pósta duine a athdhearadh ina ghúna baiste séada áit ar bith sa tír nó fiú sa domhan mar nach gá dom iad féin a fheiceáil go pearsanta. Is féidir an próiseas iomlán a sholáthar tríd an idirlíon agus le cúiréir, rud a fhágann gurb é an gnó foirfe ar líne domsa é.

**Lean tú Clár 'Tosaigh Do Ghnó Féin' freisin – conas a bhí sé sin?** Bhí mé ag obair sa tionscal miondíola ar feadh ocht mbliana sular thosaigh mé i mbun mo ghnó féin. Ní raibh aon rud ar eolas agam faoi ghnó a thosú agus bhí lúcháir orm nuair a tháinig mé ar an gclár 'Tosaigh Do Ghnó Féin'. Bhain mé an-tairbhe as agus mholfainn é do dhuine ar bith atá ag tosú amach leo féin. Chabhraigh sé liom a thuiscint conas plean gnó ceart a chur le chéile agus thug sé an t-eolas teagmhála go léir dom chun gnólacht a chlárú, cúrsaí cánach a shocrú, agus na nithe eile ar fad nach smaoineofá orthu.

**Glacann tú páirt i Lá Fiontraíochta Náisiúnta na mBan gach bliain – cén fáth ar gá scéalta rathúla na mban i gcúrsaí gnó a chur os ard?** Ceapaim go mbíonn easpa muiníne orainne, mar mhná, go minic. Tá a fhios agam nuair a thosaigh mé féin amach agus nuair a chuaigh mé chuig roinnt de na hócáidí seo, bhraith mé go hiomlán thar mo chumas. Is iontach scéalta daoine eile a chloisteáil, agus a thuiscint go mbíonn an eagla chéanna agus an t-amhras céanna ar dhaoine eile agus a bhíonn ort féin óir cabhraíonn sé sin leat fócasú, agus a rá leat féin " ' bhfuil a fhios agat seo?... thig liom féin seo a dhéanamh!" Chonacthas dom freisin gur dóigh iontach é chun bualadh le mná den scoth a thugann tacaíocht duit. Mothaím i gcónaí an-spreagtha agus fócasaithe tar éis dom freastal ar na himeachtaí sin.

Foinse: Arna oiriúnú ó: https://www.localenterprise.ie/About-Us/Case-Studies/Christening- Generations/

# Torthaí agus Dearcthaí a Thabhairt

**Léargás ar thopaic:**

| **Mo Thorthaí** | **Mo Thuairimí ar na Torthaí Seo** |
|---|---|
| | |

**Critéir Ratha:**

- ✓ Breac-chuntas gairid ar an topaic a d'fhiosraigh tú a thabhairt
- ✓ Do thuairimí agus cúiseanna leo a thabhairt bunaithe ar an meid a d'fhiosraigh tú
- ✓ Do chuid torthaí a chur i láthair go muiníneach

***Scanáil cód QR agus íoslódáil Focás ar Fhoghlaim chun tacú le measunú foirmítheach sa seomra ranga***

## Iniúchadh ar Scileanna Inniúlachta Pearsanta

Déan machnamh ar inniúlacht do scileanna agus rangaigh do leibhéal reatha muiníne ag úsáid scála 1 go 5.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| **Gan a bheith Muiníneach** | | **Measartha Muiníneach** | | **An-mhuiníneach** |

| **Inniúlacht Scile** | **M'ualú** |
|---|---|
| *A bheith muiníneach chun cruinniú a thosú, an t-údar atá leis a shoiléiriú agus bealaí le bheith ag obair i gcomhar le chéile a leagan síos* | |
| *A bheith sciliúil i mbun éisteacht ghníomhach, athleagan a thabhairt, ceistiú agus príomhphointí a achoimriú* | |
| *A bheith ábaltacht am a bhainistiú agus luas maith a choinneáil* | |
| *A bheith ábaltacht cruinnithe a reáchtáil go hordúil agus go héifeachtach* | |
| *Eolas ar theicnící chun rannphairtíocht ghníomhach a chothú agus plé a spreagadh* | |
| *Muiníneach chun cruacheisteanna maithe a chur chun dushlán a thabhairt i dtaobh na mbarúlacha s'agat féin agus cuid daoine eile ar bhealach neamhbhagrach* | |
| *A bheith in ann an gníomh a stopadh agus seiceáil cad é mar atá ag éirí leis* | |
| *A bheith in ann caighdeán an phroisis AFMÁ a chosaint* | |
| *A bheith in inmhe díospóireacht idir rannphairtithe a láimhseáil agus aird a choinneáil ar a bhfuil idir lámha* | |
| *A bheith ábalta deileáil le heasaontas go stuama* | |

## Ról an Éascaitheora i gCruinniú AFMÁ

| **Ar eolas agam cheana féin:** | **Ba mhaith liom eolas a fháil ar:** |
|---|---|
| | |

## Gnáthchleachtais Reatha i Roinn Ábhair s'Againn

| Cleachtais Dhearfacha | Gnáthchleachtais is féidir linn a fheabhsú |
|---|---|
| | |

## Tús a Chur le Cleachtais don Chruinniú AFMÁ

| CLEACHTAIS A AONTAÍODH |
|---|
| |

# Gníomhaíocht AFMÁ faoi Lán Seoil

**Ag breathnú ar ról ______________________________ (Múinteoir / Éascaitheoir) a léiriú**

| **Mo chuid nótaí agus tuairimí:** |
|---|
| |

| **Trí thuairim ó phlé comhoibríoch s'againn:** |
|---|
| |

https://www.curriculumonline.ie/Utility/Login-Register?ReturnUrl=%2fJunior-cycle%2fJunior-Cycle-Subjects%2fEnglish-(1)%2fAssessment-and-reporting%2fSubject-Learning-and-Assessment-Review-TCA

## Dátaí Tábhachtacha: MRB 1, MRB 2 & Tasc Measúnaithe 2018

**An Chéad Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB 1)**

*Measúnú Sealadach roimh an Aoine 27 Aibreán 2018*

*Tréimhse cheithre seachtaine ag scoláirí le haghaidh MRB 1 a dhéanamh: an Luan 12 Márta- an Aoine 20 Aibreán 2018*

**An Chéad Chruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair**

*Críochnaithe roimh 4 Bealtaine 2018*

**An Dara Measúnú Rangbhunaithe (MRB2)**

*Measúnú Sealadach roimh an Luan 17 Nollaig 2018*

*Tréimhse thrí seachtaine ag scoláirí le haghaidh MRB 2 a dhéanamh: an Luan 12 Samhain –an Aoine 7 Nollaig 2018*

**Tasc Measúnaithe**

*An Luan 10 go dtí an Aoine 14 Nollaig*

**An Dara Cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair**

*Críochnaithe roimh an Aoine 21 Nollaig 2018*

***Scanáil an cód QR chun na Treoirlínte Staidéar Gnó a íoslódáil***

# Tuairisc an Éascaitheora

***Cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair***

| | |
|---|---|
| **Ábhar:** | **Dáta/am** |
| **Ag Freastal** | |
| **Priomhchinntí a glacadh** | |
| **Nótaí le cur san áireamh ag cruinnithe athbhreithnithe atá le teacht** | |
| **Aon tuairimí eile?** | |
| Éascaitheoir:<br><br>Dáta: | |

# An Próiseas AFMÁ: Léargas Ginearálta

| | |
|---|---|
| **Roimh an gCruinniú AFMÁ** | |
| ***Dualgas na Múinteoirí*** | |
| | Breithiúnas ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar shamplaí anótáilte CNCM atá ábhartha mar is gá (www.curriculumonline.ie)<br>Nóta den tuairiscín a bronnadh ar gach scoláire agus pointe ar bith eile ar mhaith leo tagairt dó nó a mheasann siad a bheith úsáideach le linn an chruinnithe AFMÁ<br>Sampla amháin, más féidir, do gach tuairiscín, a aimsiú le húsáid le linn an chruinnithe AFMÁ<br>Sonraí de na samplaí oibre le haghaidh plé a chur ar aghaidh chuig an éascaitheoir roimh an gCruinniú AFMÁ |
| ***Dualgas an Éascaitheora*** | |
| | Samplaí d'obair a chur na múinteoirí chun tosaigh a bhailiú agus a chóipeáil<br>Ord reatha an chruinnithe AFMÁ a eagrú |
| **Le linn an Chruinnithe AFMÁ** | |
| ***Dualgas na Múinteoirí*** | |
| | Sampla amháin ag leibhéal "Nár chomhlíon na hIonchais Fós" a chur i láthair<br>Súil a chaitheamh ar an bpíosa oibre le chéile<br>Nóta a bhreacadh de na himpleachtaí a bhaineann leis na cinntí  a dhéantar le linn an chruinnithe maidir leis an gcuid eile d'obair an scoláire<br>Díriú ar an gcur chuige 'is fearr oiriúint' a ligeann do mhúinteoirí aontú ar an tuairiscín is oiriúnaí ar an iomlán don obair atá á plé,<br>An próiseas a leanúint ar a sheal i gcomhair sampla ag leibhéal na dtuairiscíní eile go léir |
| ***Dualgas an Éascaitheora*** | |
| | An cruinniu a thosú agus béim á leagan ar leanúnachas breithiúnais agus ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí<br>Béim a leagan chomh maith ar fhiúntas an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláirí<br>An plé ginearálta ar shamplaí oibre agus ar Thuairiscíní a threorú agus nóta a bhreacadh d'aon chinntí a dhéantar<br>Féachaint chuige go mbíonn comhaontú ann ach díriú ar fhorbairt eolas gairmiúil agus scileanna |
| **I ndiaidh an chruinnithe AFMÁ** | |
| ***Dualgas na Múinteoirí*** | |
| | Meabhraíonn gach múinteoir ar mheasúnú obair a gcuid scoláirí bunaithe ar an gcruinniú AFMÁ<br>Seolann isteach a gcuid tuairiscíní deiridh do gach scoláire |
| ***Dualgas an Éascaitheora*** | |
| | Tuairisc an Éascaitheora a chríochnú agus a sheoladh chuig an bPríomhoide<br>Meabhrú ar na nithe ar éirigh go maith leo nó ar a bhféadfaí a fheabhsú don chéad chruinniú eile AFMÁ<br>Is féidir leis an éascaitheoir a iarraidh ar mhúinteoirí, más mian leo, cuid d'obair na scoláirí a chur isteach i mbanc samplaí:<br>Chun tacú le hionduchtú múinteoirí nua<br>Chun cabhrú le cruinnithe AFMÁ amach anseo<br>Chun úsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí trí chaighdeán na hoibre a baineadh amach a léiriú. |

# Ag Plé Obair Scoláire ag Cruinnithe AFMÁ

Iarrann **an t-Éascaitheoir** ar bhall amháin foirne sampla d'obair a mholann siad mar obair **'Nár chomhlíon na hIonchais Fós'** a chur i láthair.

---

Déanann an **Múinteoir** atá ag cur an phíosa oibre i láthair cur síos gairid air agus treoraíon plé ginearálta ar oiread a thagann obair an scoláire leis na **Gnéithe Cáilíochta** ábhartha. Beidh ionchur ag na comhaltaí uile sa **phlé** agus is bunaithe ar na **Gnéithe Cáilíochta** a bheidh sé. Ba chóir gur ar an gcur chuige '**is fearr oiriúint**' a leagtar béim agus breithiúnais á ndearbhú le linn na gcruinnithe AFMÁ rud a ligeann do mhúinteoirí aontú ar an Tuairiscín arb é '**ar an iomlán'** is fóirsteanaí don obair atá á meas.

---

Ba chóir go mbeadh an t-**Éascaitheoir** ábaltacht **omhaontú a fháil** le linn an phlé ar na samplaí ach is ceart an bhéim a chur ar **eolas gairmiúil agus scileanna múinteoirí a fhorbairt** seachas ar gach duine a bheith d'aon ghuth faoi gach Gné Cáilíochta i ngach sampla.
Moltar go láidir go n-úsáideann múinteoirí sa Roinn Ábhair an cruinniú AFMÁ chun comhoibriú agus béim ar theagasc, measúnú agus foghlaim a fhorbairt.

---

Nuair a bhíonn **comhaontú** ann agus a dhearbhaíonn an cruinniú an measúnú sealadach, **breacann** an t-éascaitheoir é sin **síos** i d**Tuairisc an Chruinnithe.**

Sa chás **nach n-aontaítear**, is ceart don éascaitheoir **tagairt a dhéanamh do shamplaí anótáilte d'obair scoláirí a chuir an CNCM ar fáil** agus, más féidir é, cúpla sampla eile d'obair scoláirí a ndearna múinteoirí eile sa ghrúpa measúnú orthu agus ar bronnadh an tuairiscín sin orthu

---

Cé gur chóir tréimhse réasúnta ama a chaitheamh ar an bplé, **ba chóir don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil féin a úsáid chun cinneadh dul ar aghaidh chuig an gcéad sampla eile.** Ba chóir don éascaitheoir plé comhoibríoch a chur chun cinn agus tacú le díospóireachtaí ar theagasc, measúnú agus foghlaim.

---

Déantar an próiseas seo arís, ar a sheal, agus na samplaí a mheastar faoi **Ag teacht leis na hIonchais, Os cionn na nIonchas** agus **Thar barr ar Fad** a bheith á bplé agus á roinnt sa ghrúpa.

---

Ag deireadh an chruinnithe, déanann an t-éascaitheoir achoimre ar na príomhphointí a d'eascair as an bplé. Is den tábhacht é go **ndéanann gach múinteoir nóta d'impleachtaí na gcinntí a rinneadh le linn an chruinnithe** don chuid eile d'obair na scoláirí a ndearna siad breithiúnas uirthi cheana, go háirithe i gcás na dtuairiscíní nach raibh a mbreithiúnas ag teacht le dearcadh fhormhór na múinteoirí ag an gcruinniú. Ba chóir do mhúinteoirí nóta a bhreacadh síos d'aon **aiseolas a thacódh le foghlaim scoláire** amach anseo.

Arna oiriúnú: https://www.juniorcycle.ie/NCCA_JuniorCycle/media/NCCA/SLAR-outline-with-Collection-CBA-specifics.pSLAR

***Scannáil an cód QR chun teacht ar fhoireann uirlísí AFMÁ an CNCM***

## Ag Tacú le Comhghleacaíocht & le Comhoibriú

***Conas a thacóidh an AFMÁ:***

| **Leat féin mar mhúinteoir aonair?** |
| --- |
| **Le do Roinn Ábhair?** |

## Beartais um Úsáid Inghlactha agus Obair Scoláire a Stóráil

Le linn aistear na Sraithe Sóisearaí s'acu, is féidir le scoláirí obair a dhéanamh iad féin agus í a stóráil ar líne nó is féidir lena gcuid múinteoirí an obair a dhéanann siad a thaifead agus a stóráil m.sh. MRB 2 (Cur i láthair) i Staidéar Gnó.

I ngach cás ní mór do mhúinteoirí agus do scoileanna gníomhú de réir Pholasaí um Úsáid Inghlactha (PÚI) na scoile. Caithfidh treoirlínte um shonraí agus chosaint leanaí a bheith ar eolas agus i gceist in PÚI na scoile. Bíonn a ról féin le comhlíonadh, i dtaca le taifead agus stóráil shábháilte obair scoláirí, acu seo uile: Boird Bhainistíochta, Bainistíocht Scoile agus foireann teagaisc.

Leagtar amach i Rannán 1.13.2 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na dualgais a bhaineann le 'rialaitheoirí sonraí' agus luaitear ann i ndáil leis na hAchtanna 1988 agus 2003 um Chosaint Sonraí "go n-éilítear ar rialaitheoirí sonraí agus ar phróiseálaithe sonraí na sonraí a choimeádann siad a chosaint, agus leagtar dualgas speisialta cúraim orthu i ndáil leis na daoine faoina gcoinníonn siad a leithéid de shonraí." (lch. 12)

> "Taifeadfaidh an múinteoir ***samplaí*** de chur i láthair na scoláirí a úsáidfidh sé i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dTuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin. ***Féadfar aon fhearas fuaime nó closamhairc atá ar fáil sa scoil***, ar nós táibléid, fón póca, ríomhaire glúine nó físcheamara, a úsáid chun na críche sin. Ba chóir aird a thabhairt ar ***threoirlínte cosanta leanaí*** fad is atá an taifeadadh ar siúl agus go mbeadh sé ***ag teacht le beartas úsáide inghlactha na scoile."***
>
> ***Treoirlínte Measúnaithe Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí Lch. 34***

Roinnt de na Ceisteanna Coitianta a bhaineann le PÚInna ag https://www.webwise.ie

# Súil Siar ar an Lá

***An féidir leat an trí ghné is úsáidí faoin lá inniu a ainmniú? Meabhraigh ar an gcaoi a n-úsáidfidh tú iad i do sheomra ranga chun tacú le teagasc, measúnú agus foghlaim amach anseo. Meabhraigh faoi na nithe sin a phlé ag an gcéad chruinniú eile roinn ábhair.***

| |
|---|
| |
| |
| |

## Nótaí

# Nótaí

# Nótaí

**Sonraí Teagmhála**

Oifig Riaracháin:

Ionad Oid. Mhuineacháin,

Bóthar Ard Mhacha,

Muineachán.

www.metc.ie

Oifig an Stiúrthóra:

BOOLM,

Sráid an tSéipéil,

Dún Dealgan.

Gach fiosrúchán chuig:

info@jct.ie

**Suíomh Úsáideach:**

www.jct.ie; www.juniorcycle.ie; www.ncca.ie; www.curriculumonline.ie; www.schoolself-evaluation.ie

Lean muid ar
Twitter@JCforTeachers
#JCTBusSt